Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12333/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0266(NLE)**

**POLCOM 111**
**COASI 144**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 446 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 446 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 446 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2022
COM(2022) 446 final

2022/0266 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré ('an Chóiré), den pháirt eile[1], ('an Comhaontú', agus gairtear 'na Páirtithe' dá pháirtithe) i ndáil le glacadh beartaithe an leasaithe ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B ('an Leasú') a ghabhann leis an gComhaontú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Chóiré

Tá an Comhaontú ar an gcéad comhaontú saorthrádála de chuid an Aontais den ghlúin nua agus is é an chéad chomhaontú é a tugadh i gcrích le tír de chuid na hÁise. Is é is aidhm don Chomhaontú borradh a chur faoin trádáil dhéthaobhach agus faoin bhfás eacnamaíoch san Aontas agus sa Chóiré araon.

Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Iúil 2011 ann[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015.

### 2.2. An Coiste um Thrádáil

Is le hAirteagal 15.1 den Chomhaontú a bhunaítear an Coiste um Thrádáil. De bhun Airteagal 15.1.4(c) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil leasuithe ar an gComhaontú a bhreithniú nó forálacha an Chomhaontaithe a leasú i gcásanna dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú. Le hAirteagal 15.5.2 den Chomhaontú, foráiltear gur féidir leis na Páirtithe cinneadh ón gCoiste um Thrádáil a ghlacadh chun na hIarscríbhinní, na Foscríbhinní, na Prótacail agus na Nótaí a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, faoi réir a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí féin is infheidhme.

Leis an gComhaontú, bunaítear na rialacha maidir le tásca geografacha faoi Airteagail 10.18-10.26. Bunaithe ar Airteagal 10.24 den Chomhaontú, comhaontaíonn an tAontas agus an Chóiré tásca geografacha atá le cosaint a chur le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10.25.

De bhun Airteagal 10.25.1, an Mheitheal um Thásca Geografacha , a bhunaítear de bhun Airteagal 15.3.1(g) faoi choimirce an Choiste um Thrádáil, féadfaidh sí moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh de chomhthoil. De bhun Airteagal 15.3.5 den Chomhaontú agus Airteagal 5.3 de Rialacha Nós Imeachta na Meithle um Thásca Geografacha[3], féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul i mbun an chúraim a leagfar ar an Meitheal um Thásca Geografacha agus Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a leasú de bhun Airteagal 15.5.2 den Chomhaontú.

---

[1] An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 127, 14.5.2011, lch. 6).

[2] Cinneadh ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le síniú, thar ceann Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 127, 14.5.2011, lch. 1).

[3] Cinneadh uimh. 1/2019 ón Meitheal um Thásca Geografacha idir an tAontas agus an Chóiré an 17 Meán Fómhair 2019 a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta agus Cinneadh (AE) 2019/845 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Mheitheal um Thásca Geografacha a bhunaítear leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh (IO L 138, 24.5.2019, lch. 84).

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil

An 25 Samhain 2021, faoi chuimsiú an t-ochtú cruinniú den Mheitheal um Thásca Geografacha, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leathnú. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil, de bhun Airteagal 15.5.2 den Chomhaontú, cinneadh a ghlacadh Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a leasú ('an gníomh atá beartaithe').

Agus Iarscríbhinní 10-A agus 10-B á leasú, déantar, *inter alia*, tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta, na tásca geografacha sin nach bhfuil faoi chosaint san Aontas a thuilleadh a bhaint, tásca geografacha áirithe a athrú, go háirithe i gcás inar athraíodh an t-ainm, agus líon na dtásc geografach atá faoi chosaint ag na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a mhéadú trí 43 thásc gheografacha an Aontais agus 41 thásc gheografacha na Cóiré a chur leis.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, bunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil maidir leis an leasú ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B. Beidh an seasamh bunaithe ar Dhréachtchinneadh an Choiste um Thrádáil atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe

Leis na Conarthaí, tugtar inniúlacht eisiach don Aontas maidir leis an gcomhbheartas tráchtála, lena n-áirítear beartas trádála uathrialach an Aontais chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta trádála a thabhairt i gcrích. Leis an ngníomh atá beartaithe, cuirtear an Comhaontú chun feidhme agus tá glacadh an ghnímh atá beartaithe ag teacht le cuspóirí bheartas trádála an Aontais.

# 4. BUNÚS DLÍ

## 4.1. Bunús dlí nós imeachta

### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[4].

### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil a cuireadh ar bun leis an gComhaontú. Is éard atá sa chinneadh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15.5.2 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Chóiré.

---

4 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 de CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) de CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar, le gníomh an Choiste um Thrádáil, Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0266 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) a síníodh an 6 Deireadh Fómhair 2010, thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle[1]. Tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Iúil 2011[2] ann agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015[3].

(2) Le hAirteagal 15.1 den Chomhaontú, bunaítear Coiste um Thrádáil atá comhdhéanta d’ionadaithe ar an Aontas agus ar Phoblacht na Cóiré faoi seach.

(3) De réir Airteagal 15.3.1(g) den Chomhaontú, bunaítear an Mheitheal um Thásca Geografacha faoi choimirce an Choiste um Thrádáil.

(4) An 25 Samhain 2021, faoi chuimsiú an t-ochtú cruinniú de chuid na Meithle um Thásca Geografacha, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú. Agus Iarscríbhinní 10-A agus 10-B á leasú, déantar, *inter alia*, tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta, na tásca geografacha sin nach bhfuil faoi chosaint san Aontas a thuilleadh a bhaint, tásca geografacha áirithe a athrú, go háirithe i gcás inar athraíodh an t-ainm, agus líon na dtásc geografach atá faoi chosaint ag na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a mhéadú trí 43 thásc gheografacha an Aontais agus 41 thásc gheografacha na Cóiré a chur leis.

(5) De bhun Airteagal 15.3.5 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul i mbun obair na Meithle um Thásca Geografacha.

[1] Cinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile a thabhairt i gcrích (IO L 307, 25.11.2015, lch. 2).

[2] Fógra maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 168, 28.6.2011, lch. 1).

[3] Fógra maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 307, 25.11.2015, lch. 1).

(6) De bhun Airteagal 12.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1 den Choiste um Thrádáil an 23 Nollaig 2011 maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh[4], is féidir leis an gCoiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, sa tréimhse idir na cruinnithe, má thagann an dá Pháirtí ar chomhaontú.

(7) Tá an Coiste um Thrádáil leis an gComhaontú ar ar tángthas an 25 Samhain 2021 a ghlacadh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aige amach anseo, nó trí nós imeachta i scríbhinn.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ceangailteach ar an Aontas,

(9) Chun cur chun feidhme cuí chosaint na dTásc Geografach faoin gComhaontú a áirithiú, ba cheart don Choiste um Thrádáil Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Choiste um Thrádáil a bheith bunaithe ar an dréacht atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bunaíodh le hAirteagal 15.1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, bunófar an seasamh sin ar Dhréachtchinneadh an Choiste um Thrádáil atá ceangailte mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Foilseofar Cinneadh an Choiste um Thrádáil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[4] Cinneadh Uimh. 1 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh (IO L 58, 1.3.2013, lch. 9).